BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

30 Aibreán 2025*

(Achomharc – Dumpáil – Allmhairí níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise – Dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha – Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 – Iarraidh ar athbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála – Teorainn ama a leagtar síos leis an bhforáil sin chun iarraidh den sórt sin a dhéanamh – Leordhóthanacht na fianaise – Faisnéis arna cur isteach i ndiaidh dul in éag na teorann ama sin)

I gCásanna uamtha C-554/23 P agus C-568/23 P,

DHÁ ACHOMHARC faoi Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 4 agus an 14 Meán Fómhair 2023 faoi seach,

Fertilizers Europe, arna bhunú sa Bhruiséil (an Bheilg), ag J. Beck, advocaat, agus L. Ruessmann, Dlíodóir,

iarratasóir i gCás C-554/23 P,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

AO Nevinnomysskiy Azot, a bunaíodh in Nevinnomyssk (an Rúis),

AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK 'Azot', a bunaíodh in Novomoskovsk (An Rúis),

dá ndéanann A. de Moncuit, E. Gergondet, N. Mizulin, A. Nosowicz, Dlíodóirí, agus P. Vander Schueren, advocaat, ionadaíocht

iarratasóirí ag an gcéad chéim,

an Coimisiún Eorpach, ag G. Luengo agus P. Němečková, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir ag an gcéad chéim,

agus

an Coimisiún Eorpach, ag G. Luengo agus P. Němečková, i gcáil Gníomhairí,

achomharcóir i gCás C-568/23 P,

* Teanga an cháis: an Béarla.

na páirtithe eile sna himeachtaí:

AO Nevinnomysskiy Azot, a bunaíodh in Nevinnomyssk,

AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK ‘Azot’, a bunaíodh in Novomoskovsk,

dá ndéanann A. de Moncuit, E. Gergondet, N. Mizulin, A. Nosowicz, Dlíodóirí, agus P. Vander Schueren, advocaat, ionadaíocht,

iarratasóirí ag an gcéad chéim,

Fertilizers Europe, a bunaíodh sa Bhruiséil, ag J. Beck, advocaat, agus L. Ruessmann, Dlíodóir,

idiragraí ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán an Dlísheomra, S. Rodin (Rapóirtéir), N. Piçarra, O. Spineanu-Matei agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 28 Samhain 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena n-achomharc faoi seach, iarrann Fertilizers Europe agus an Coimisiún Eorpach go gcuirfí ar neamhní breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 5 Iúil 2023, *Nevinnomysskiy Azot agus NAK ‘Azot’* v *an Coimisiún* (T-126/21, ‘an breithiúnas atá faoi achomharc’, EU:T:2023:376), lena gcuirtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2100 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí níotráit amóiniam de thionscnamh na Rúise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2020 L 425, lch. 21, ‘an Rialachán atá faoi chonspóid’).

An dlí lena mbaineann

An Rialachán atá faoi chonspóid

2 Luaitear an méid seo a leanas in aithris 20 den Rialachán atá faoi chonspóid:

'Thionscain an Coimisiún an t-athbhreithniú éaga bunaithe ar an iarraidh ar athbhreithniú mar a cuireadh isteach i dtosach í an 21 Meitheamh 2019 ['an chéad iarraidh ar athbhreithniú'] agus arna forlíonadh tuilleadh le faisnéis bhreise (dá ngairtear le chéile 'an iarraidh chomhdhlúite ar athbhreithniú'). Cuireadh an iarraidh chomhdhlúite ar athbhreithniú, atá mar bhunús le tionscnamh an athbhreithnithe éaga seo, sa chomhad oscailte agus cuireadh ar fáil é do pháirtithe leasmhara le haghaidh comhairliúcháin. Mar a sonraíodh i bpointe 4.1 den Fhógra, thug an t-iarratasóir ina iarraidh [bhunaidh] ar athbhreithniú fianaise ar ghnáthluach a bhí bunaithe ar phraghsanna intíre iarbhír agus thóg sé an gnáthluach go cothrom i gcás nach measfaí na praghsanna intíre a bheith ina bpraghsanna iontaofa agus go léireofaí gnáthchúrsa trádála leo. Is neamhábhartha cibé acu an ndearnadh an iarraidh bhunaidh [ar athbhreithniú] a fhorlíonadh le gnáthluachanna measta ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil maidir le praghsanna intíre iarbhír sa tír lena mbaineann, a mhéid a thionscain an Coimisiún an t-athbhreithniú éaga ar bhonn na hiarrata ar athbhreithniú comhdhlúite.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán 2016/1036

3 Foráiltear le hAirteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO 2016 L 176, lch. 21), arna leasú le Rialachán (AE) 2018/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 (IO 2018 L 143, lch. 1) ('Rialachán 2016/1036'), dar teideal 'Prionsabail':

'Féadfar dleacht frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar aon táirge dumpáilte a bhfuil díobháil mar thoradh ar é a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas [Eorpach]'

4 Foráiltear le hAirteagal 2(1) agus (3) de Rialachán Uimh. 2016/1036:

'1. Beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir.

Mar sin féin, i gcás nach dtáirgeann an t-onnmhaireoir sa tír is onnmhaireoir an táirge comhchosúil nó nach ndíolann sé é, féadfar an gnáthluach a bhunú ar bhonn praghsanna díoltóirí nó táirgeoirí eile.

Ní fhéadfar praghsanna idir páirtithe ar cosúil go bhfuil comhlachas eatarthu nó socrú cúitimh acu lena chéile a mheas mar phraghsanna i ngnáthchúrsa trádála agus ní fhéadfar iad a úsáid chun an gnáthluach a bhunú ach amháin má chinntear nach bhfuil tionchar ag an gcaidreamh orthu.

D"fhonn a chinneadh an bhfuil dhá páirtí comhlachaithe, féadfar an sainmhíniú ar pháirtithe comhlachaithe atá leagtha amach in Airteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún, [an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe

maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO 2015 L 343, lch. 558)] a chur san áireamh.

[...]

3. I gcás nach bhfuil aon díolacháin den táirge chomhchosúil i ngnáthchúrsa trádála nó nach bhfuil dóthain díolachán ann, nó i gcás nach féidir comparáid cheart a dhéanamh bunaithe ar dhíolacháin den sórt sin i ngeall ar chúrsaí sa mhargadh ar leith sin, déanfar gnáthluach an táirge chomhchosúil a ríomh bunaithe ar phraghas an táirgthe sa tír thionscnaimh móide méid réasúnach do chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus do na brabúis, nó bunaithe ar na praghsanna onnmhairiúcháin, i ngnáthchúrsa trádála, chuig tríú tír oiriúnach, ar choinníoll go mbeidh na praghsanna sin ionadaíoch.

Féadfar a mheas gurb ann do staid margaidh áirithe don táirge lena mbaineann de réir bhrí na chéad mhíre, *inter alia*, nuair atá praghsanna níos ísle ná mar atá réasúnach, nuair atá babhtáil shuntasach ann, nó nuair atá socruithe próiseála neamhthráchtála ann.'

5 Foráiltear le hAirteagal 5(3) agus (9) de Rialachán 2016/1036:

'3. Scrúdóidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, cruinneas agus leordhóthanacht na fianaise arna soláthar sa ghearán chun a chinneadh an bhfuil go leor fianaise chun údar maith a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh.

[...]

9. I gcás inar léir go bhfuil go leor fianaise ann go bhfuil bonn cirt le himeachtaí a thionscnamh, déanfaidh an Coimisiún amhlaidh laistigh de 45 lá ón dáta ar taisceadh an gearán agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás nach bhfuil go leor fianaise ann, cuirfear é sin in iúl don ghearánach laistigh de 45 lá ón ngearán a thaisceadh leis an gCoimisiún. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit maidir lena anailís ar an ngearán de ghnáth laistigh de 21 lá ón ngearán a thaisceadh leis an gCoimisiún.'

6 Faoi Airteagal 11(1), (2), (5) agus (6) den Rialachán sin:

'1. Beidh feidhm ag beart frithdhumpála chomh fada, agus a mhéid, a bhfuil gá leis chun gníomhú in aghaidh na dumpála is cúis díobhála.

2. Rachaidh beart frithdhumpála cinntitheach in éag cúig bliana ón dáta a fhorchuirfear é nó cúig bliana ón dáta a dhéanfar cinneadh maidir leis an athbhreithniú is déanaí a cumhdóidh dumpáil agus díobháil, ach amháin má chinntear in athbhreithniú gur dhócha go leanfaí le dumpáil agus díobháil nó go gcuirfí tús leo arís mar thoradh ar dhul in éag an bhirt. Déanfar athbhreithniú éaga den sórt sin a thionscnamh ar thionscnamh an Choimisiúin, nó ar iarraidh tháirgeoirí an Aontais, nó thar ceann tháirgeoirí an Aontais, agus fanfaidh an beart i bhfeidhm ar feitheamh thoradh an athbhreithnithe sin.

Déanfar athbhreithniú éaga a thionscnamh i gcás ina bhfuil go leor fianaise san iarraidh gur dócha go leanfaí le dumpáil agus díobháil nó go gcuirfí tús leo arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart. D'fhéadfaí dóchúlacht den chineál sin a léiriú, mar shampla, trí fhianaise go bhfuil dumpáil agus díobháil ann i gcónaí nó trí fhianaise a bheith ann nach ann don díobháil a thuilleadh mar

thoradh iomlán nó páirt-thoradh ar bhearta nó trí fhianaise a bheith ann go léiríonn cúinsí na n-onnmhaireoirí, nó coinníollacha an mhargaidh, gur dóigh do thuilleadh dumpála díobhálaí nó do shaobhadh leantach ar amhábhair a bheith ann.

Agus imscrúduithe á ndéanamh faoin mír seo, tabharfar deis d'onnmhaireoirí, d'allmhaireoirí, d'ionadaithe na tíre is onnmhaireoir agus do tháirgeoirí an Aontais a mbarúlacha a thabhairt ar na hábhair atá leagtha amach san iarraidh ar athbhreithniú, nó béim a leagan ar na hábhair sin, nó iad a bhréagnú, agus bainfear conclúidí amach agus aird chuí á tabhairt ar an bhfianaise ábhartha go léir a bhfuil na doiciméid chuí ag gabháil a cuireadh i láthair maidir leis an gceist cibé an dócha go leanfaí le dumpáil agus díobháil nó go gcuirfí tús leo arís mar thoradh ar dhul in éag beart, nó nach dócha.

Foilseofar fógra maidir le dul in éag atá le tarlú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ag tráth iomchuí le linn bliana deiridh thréimhse chur i bhfeidhm na mbeart mar atá sainmhínithe sa mhír seo. Ina dhiaidh sin, beidh táirgeoirí an Aontais i dteideal iarraidh ar athbhreithniú a thaisceadh i gcomhréir leis an dara fomhír, tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana. Foilseofar fógra chomh maith ina bhfógrófar dul in éag iarbhír beart de bhun na míre seo.

[...]

5. Beidh feidhm ag forálacha ábhartha an Rialacháin seo maidir le nósanna imeachta agus imscrúduithe a sheoladh, cé is moite díobh siúd a bhaineann le teorainneacha ama, i dtaca le haon athbhreithniú arna dhéanamh de bhun mhíreanna 2, 3 agus 4.

Athbhreithnithe a dhéanfar de bhun mhír 2 agus mhír 3, déanfar go pras iad agus déanfar iad, de ghnáth, tabharfar i gcrích iad laistigh de 12 mhí ó dháta thionscnamh an athbhreithnithe. Ar aon chuma, athbhreithnithe a dhéanfar de bhun mhír 2 agus mhír 3, déanfar iad a thabhairt i gcrích i ngach cás laistigh de 15 mhí ó dháta an tionscnaimh.

Déanfar na hathbhreithnithe de bhun mhír 4 a thabhairt i gcrích i ngach cás laistigh de naoi mí ó dháta an tionscnaimh.

Má thionscnaítear athbhreithniú arna dhéanamh de bhun mhír 2 fad is atá athbhreithniú faoi mhír 3 ar siúl mar chuid de na himeachtaí céanna, an t-athbhreithniú a dhéanfar de bhun mhír 3, déanfar é a thabhairt i gcrích ag an am céanna leis an athbhreithniú a dhéanfar de bhun mhír 2.

Mura dtabharfar an t-imscrúdú chun críche laistigh de na teorainneacha ama atá sonraithe sa chéad fhomhír, sa dara fomhír agus sa triú fomhír, maidir leis na bearta:

– rachaidh siad in éag i gcás imscrúduithe arna ndéanamh de bhun mhír 2,

– rachaidh siad in éag i gcás imscrúduithe arna ndéanamh de bhun mhír 2 agus mhír 3 ag an am céanna, i gcás inar tionscnaíodh an t-imscrúdú de bhun mhír 2 fad is a bhí athbhreithniú á dhéanamh faoi bhun mhír 3 le linn na n-imeachtaí céanna, nó i gcás inar tionscnaíodh athbhreithnithe den chineál sin ag an am céanna, nó

– ní thiocfaidh aon athrú orthu i gcás imscrúduithe arna ndéanamh de bhun mhír 3 agus mhír 4.

Foilseofar fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina dhiaidh sin ina bhfógrófar go bhfuil na bearta ag dul in éag nó á gcoimeád de bhun na míre seo.

[...]

6. Tionscnóidh an Coimisiún athbhreithnithe de bhun an Airteagail seo. Cinnfidh an Coimisiún an ndéanfaidh sé athbhreithnithe de bhun mhír 2 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil freisin do na Ballstáit tar éis d’oibreoir nó do Bhallstát iarraidh a chur isteach lena dtugtar bonn cirt le hathbhreithniú a thionscnamh de bhun mhír 3 agus mhír 4 den Airteagal seo agus tar éis don Choimisiún a anailís air a thabhairt chun críche nó tar éis don Choimisiún a chinneadh gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá leanúint leis na bearta a fhorchur.

I gcás ina ndlífidh athbhreithnithe é, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3), déanfar bearta a aisghairm nó a choimeád de bhun mhír 2 den Airteagal seo, nó a aisghairim, a choimeád nó a leasú de bhun mhír 3 agus mhír 4 den Airteagal seo.

I gcás ina n-aisghairfear bearta maidir le honnmhaireoirí ar leith, ach nach ndéanfar iad a aisghairm sa tír ina hiomláine, beidh na honnmhaireoirí sin fós faoi réir an imeachta agus d’fhéadfaí iad a imscrúdú arís, sa ghnáthchúrsa, in aon athbhreithniú a dhéanfar ina dhiaidh sin maidir leis an tír sin de bhun an Airteagail seo.’

Cúlra na díospóide

7 Tá cúlra na díospóide leagtha amach i míreanna 2 go 13 den bhreithiúnas faoi achomharc agus, chun críocha na gcásanna uamtha seo, is féidir é a achoimriú mar seo a leanas.

8 Is táirgeoirí agus onnmhaireoirí níotráite amóiniam atá bunaithe sa Rúis iad AO Nevinnomysskiy Azot agus AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK ‘Azot’ (le chéile ‘cuideachtaí Azot’). Tá siad, dá réir sin, faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 2022/95 ón gComhairle an 16 Lúnasa 1995 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise (IO 1995 L 198, lch. 1).

9 Tar éis an chéad athbhreithnithe éaga ar na bearta lena mbaineann agus an chéad athbhreithnithe eatramhaigh, coinníodh dleacht frithdhumpála chinntitheach ar onnmhairí níotráite amóiniam ón Rúis le Rialachán (CE) Uimh. 658/2002 ón gComhairle an 15 Aibreán 2002 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise (IO 2002 L 102, lch. 1). Ag deireadh an dara hathbhreithniú éaga ar na bearta sin agus an dara páirt-athbhreithniú eatramhach, coinníodh na bearta sin i bhfeidhm le Rialachán (CE) Uimh. 661/2008 ón gComhairle an 8 Iúil 2008 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) agus páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 384/96 (IO 2008 L 185, lch. 1). I ndiaidh an tríú hathbhreithniú éaga ar na bearta sin, choinnigh an Coimisiún na bearta sin i bhfeidhm le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 999/2014 an 23 Meán Fómhair 2014, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO 2014 L 280, lch. 19). Tar éis athbhreithniú eatramhach agus i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán 2016/1036, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1722 an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)

Uimh. 999/2014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2018 L 287, lch. 3).

10 Le linn na tréimhse iomláine inar tharla na nósanna imeachta athbhreithnithe sin, bhí na cuideachtaí 'Azot' faoi réir dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir le críoch iomlán na Rúise.

11 An 21 Meitheamh 2019, de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036, chuir Fertilizers Europe, comhlachas Eorpach monaróirí leasacháin, iarraidh bhunaidh ar athbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála lena mbaineann faoi bhráid an Choimisiúin. San iarraidh sin, mhaígh Fertilizers Europe go raibh fianaise ann a léirigh an dóchúlacht go leanfadh an dumpáil dá ligfí do na bearta sin dul in éag. I ndáil leis sin, bhí sé ag brath ar chomparáid idir praghsanna onnmhairiúcháin agus gnáthluach comhdhéanta.

12 Mar fhreagra ar an iarraidh sin, d'iarr an Coimisiún ar Fertilizers Europe faisnéis bhreise a sholáthar chun a iarraidh bhunaidh ar athbhreithniú a fhorlíonadh agus a shoiléiriú ('an fhaisnéis bhreise'). An 20 Lúnasa 2019, thaisc Fertilizers Europe an fhaisnéis bhreise sin, a áiríodh san iarraidh chomhdhlúite ar athbhreithniú agus a bhí ag brath ar ghnáthluach bunaithe ar phraghsanna iarbhír ar mhargadh intíre na Rúise.

13 An 23 Meán Fómhair 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún fógra tionscnaimh d'athbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise (IO 2019 C 318, lch. 6), ag glacadh leis an tuairim go raibh dóthain fianaise ann chun athbhreithniú den sórt sin a thionscnamh agus chun imscrúdú a dhéanamh.

14 Tar éis an imscrúdaithe sin, bhain an Coimisiún de thátal as go raibh dóchúlacht ann go dtarlódh dumpáil agus díobháil arís dá gceadófaí do na bearta frithdhumpála sin dul in éag. Dá bhrí sin, tríd an Rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh, chuir sé síneadh 5 bliana leis na bearta sin.

An chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi achomharc

15 Trína gcaingean os comhair na Cúirte Ginearálta, d'iarr na cuideachtaí 'Azot' go gcuirfí an Rialachán atá faoi chonspóid ar neamhní. Mar thaca lena gcaingean, d'ardaigh na cuideachtaí sin saincheist dlí amháin ag líomhain, go bunúsach, gur sáraíodh Airteagal 11(2) agus (5) agus Airteagal 5(3) de Rialachán 2016/1036, sa mhéid is go ndearna an Coimisiún earráid agus an t-athbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise á dhéanamh aige in ainneoin easpa fianaise leordhóthanach chun é sin a dhéanamh.

16 Maidir leis na critéir dhlíthiúla is infheidhme maidir le hábhar iarrata ar athbhreithniú, chinn an Chúirt Ghinearálta, go háirithe, sa chéad áit, i míreanna 65 go 67 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, 'go leanann sé ó léamh litriúil ar Airteagal 11(2) de Rialachán [2016/1036] go bhfuil iarraidh ar athbhreithniú nach mór do tháirgeoirí an Aontais a dhéanamh nó nach mór a dhéanamh thar a gceann, tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana ar ina dhiaidh a rachaidh na bearta frithdhumpála in éag [('an teorainn ama dhlíthiúil')], fianaise leordhóthanach a bheith ann cheana gur dócha go leanfaí den dumpáil agus den díobháil nó go gcuirfí tús leo arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart', ós rud é go dtagraítear go sainráite sa

cheathrú fomhír den fhoráil sin, lena leagtar síos an teorainn ama dhlíthiúil sin nach mór an iarraidh sin a dhéanamh laistigh di, don dara fomhír d'Airteagal 11(2), ina leagtar amach na coinníollacha a bhaineann le hábhar na hiarrata sin faoina bhféadfar athbhreithniú a dhéanamh.

17 Sa dara háit, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 69 agus 70 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh gá leis an léiriú sin chun an cuspóir a bhaint amach chun a áirithiú gur leor an fhianaise a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin laistigh den teorainn ama dhlíthiúil chun a shuí gur dhócha go dtarlódh an dumpáil agus an díobháil arís nó go leanfaí leo i gcás ina rachadh na bearta frithdhumpála lena mbaineann in éag. Chinn sí, dá bhrí sin, go gcuidíonn tabhairt isteach na teorann ama sin le deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, trína chur ar chumas oibreoirí margaidh a bheith ar an eolas, in am trátha, an dócha go gcoinneofar na bearta sin ar bun agus trína chur ar chumas an Choimisiúin tréimhse iomchuí ama a bheith aige chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise atá in iarraidh ar athbhreithniú agus chun a áirithiú go bhfuil an fhianaise leordhóthanach agus ábhartha, ionas nach gcoimeádfar beart frithdhumpála go míchuí thar an tréimhse fhorordaithe.

18 Sa tríú háit, i míreanna 71 go 74 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, tar éis na teorann ama dlíthiúla agus laistigh den tréimhse 3 mhí roimh dhul in éag na mbeart frithdhumpála lena mbaineann, go bhféadfaidh táirgeoirí an Aontais faisnéis bhreise a chur isteach ar bhonn Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 agus go bhféadfaidh an Coimisiún, le linn na 3 mhí sin, soiléirithe breise a fháil nó a iarraidh lena bhforlíontar nó lena gcomhthacaítear leis an bhfianaise leordhóthanach a cuireadh isteach roimh dhul in éag na teorann ama dlíthiúla sin, rud a mbeidh leagan comhdhlúite den iarraidh ar athbhreithniú mar thoradh air, ach ní féidir le faisnéis bhreise den sórt sin, a bheith ina hargóintí nua, ná teacht in ionad na hiarrata ar athbhreithniú a thaisceadh laistigh den teorainn ama dhlíthiúil sin ná neamh-leordhóthanacht na fianaise atá san iarraidh a leigheas.

19 Sa cheathrú háit, i míreanna 78 go 101 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta argóint an Choimisiúin go bhfuil sé i dteideal, faoi Airteagal 11(5) de Rialachán 2016/1036, Airteagal 5(3) agus (9) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm, lena rialaítear an nós imeachta imscrúdaithe bunaidh, agus dhiúltaigh sí don argóint sin.

20 Ar bhonn na mbreithnithe sin, tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid, i mír 104 den bhreithiúnas sin, go ndearna an Coimisiún earráid dlí nuair a luaigh sé, in aithris 20 den Rialachán atá faoi chonspóid, go raibh sé neamhábhartha ar cuireadh faisnéis bhreise leis an iarraidh bhunaidh ar athbhreithniú agus go bhféadfadh údar maith a thabhairt do thionscnamh an athbhreithnithe, ar bhonn na hiarrata comhdhlúite.

21 Maidir le leordhóthanacht na fianaise atá san iarraidh bhunaidh ar athbhreithniú agus cineál na faisnéise breise, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 105 agus 140 den bhreithiúnas sin, ar an gcéad dul síos, gur ghá an fhaisnéis a fuair an Coimisiún sa chás seo tar éis dhul in éag na teorann ama dlíthiúla a mheas, ní mar shoiléiriú ar an bhfianaise sin, ach mar fhianaise nua, agus, ar an dara dul síos, gur léir ón Rialachán atá faoi chonspóid gur mheas an Coimisiún nár leor an fhianaise san iarraidh bhunaidh ar athbhreithniú chun athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta frithdhumpála lena mbaineann.

22 Dá bhrí sin, i mír 142 den bhreithiúnas sin, tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid gur ghá an Rialachán atá i gceist a chur ar neamhní, gan é a bheith riachtanach scrúdú a dhéanamh ar na gearáin eile a chuir na cuideachtaí 'Azot' ar aghaidh.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe san achomharc agus an nós imeachta os comhair na Cúirte

23 Lena achomharc i gCás C-554/23 P, iarrann Fertilizers Europe ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– a dhearbhú go bhfuil an t-achomharc inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis;

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus an chuid eile de na héilimh ag an gcéad chéim a dhíbhe, agus

– a ordú do chuideachtaí 'Azot' na costais arna dtabhú acu sna himeachtaí achomhairc seo agus sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

24 Lena achomharc i gCás C-568/23 P, iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus an chuid eile de na héilimh ag an gcéad chéim a dhíbhe, agus

– a ordú do chuideachtaí 'Azot' costais na n-imeachtaí ag an gcéad chéim agus ar achomharc a íoc.

25 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 9 Deireadh Fómhair 2023, rinneadh Cásanna C-554/23 P agus C-568/23 P a uamadh chun críocha na gcodanna i scríbhinn agus ó bhéal agus chun críocha an bhreithiúnais.

26 Iarrann cuideachtaí 'Azot' ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– na hachomhairc ina n-iomláine a dhíbhe agus an breithiúnas atá faoi achomharc a dhaingniú;

– mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais i gcomhréir le breithiúnas na Cúirte Breithiúnais; agus

– a ordú don Choimisiún agus do Fertilizers Europe na costais arna dtabhú ag na cuideachtaí sin sna himeachtaí achomhairc seo agus sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

Na hachomhairc

27 Mar thaca lena n-achomhairc, ardaíonn Fertilizers Europe agus an Coimisiún ceithre agus dhá shaincheist dlí faoi seach.

28 Líomhnaíonn an chéad saincheist dlí agus an dara saincheist dlí de chuid Fertilizers Europe agus an chéad saincheist dlí de chuid an Choimisiúin go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráidí dlí agus Airteagal 11 de Rialachán 2016/1036 á léiriú aici, agus líomhnaítear leis an tríú agus an ceathrú saincheist dlí de chuid Fertilizers Europe agus leis an dara saincheist dlí de chuid an Choimisiúin, mar mhalairt air sin, earráid dlí ar thaobh na Cúirte Ginearálta maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 11 agus saobhadh na bhfíoras agus na fianaise.

An chéad agus an dara saincheist dlí i gCás C-554/23 P agus an chéad saincheist dlí i gCás C-568/23 P

Argóintí na bpáirtithe

29 Maíonn Fertilizers Europe, lena chéad agus lena dara saincheist dlí, agus an Coimisiún, lena chéad saincheist dlí gurb amhlaidh, go bunúsach, i míreanna 65 go 67 agus 71 go 104 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(3) agus (9), a léiriú sa chaoi nach féidir leis an gCoimisiún brath, agus scrúdú á dhéanamh aige an bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta frithdhumpála atá ar tí dul in éag, ach amháin ar iarraidh ar athbhreithniú arna cur isteach ag táirgeoirí an Aontais laistigh den teorainn ama dhlíthiúil a leagtar síos sa cheathrú fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036, arna forlíonadh ar a mhéid le faisnéis nach gcomhthacaíonn ach leis an bhfianaise atá san iarraidh sin.

30 Sa chéad áit, maidir le léiriú téacsúil Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036, áitíonn Fertilizers Europe, contrártha leis an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 65 go 67 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach gá gur léir ó fhoclaíocht an dara agus an ceathrú fomhír d'Airteagal 11(2) nach mór fianaise leordhóthanach a bheith in iarraidh ar athbhreithniú, arna cur isteach laistigh den teorainn ama dhlíthiúil, chun údar a thabhairt le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála lena mbaineann.

31 De réir an Choimisiúin, tá an ceathrú fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 neodrach maidir leis an gceist an gcaithfidh an Coimisiún a mheasúnú a theorannú d'fhianaise a cuireadh isteach laistigh den teorainn ama dhlíthiúil.Contrártha don mhéid a chinn an Chúirt Ghinearálta sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, ní féidir, go háirithe, tátal a bhaint as na focail 'i gcomhréir leis an dara fomhír' san fhoráil sin go gceanglaítear ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh an leor nó nach leor an fhianaise lena dtugtar údar le hathbhreithniú a thionscnamh, ar bhonn iarraidh arna taisceadh laistigh den teorainn ama dhlíthiúil amháin. Ina theannta sin, ní leagtar síos leis an dara fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 ach an caighdeán dlíthiúil is gá chun go mbeidh an Coimisiún in ann athbhreithniú éaga a dhéanamh ar na bearta frithdhumpála lena mbaineann, gan srian a chur, go sainráite nó go hintuigthe, leis na cumhachtaí ginearálta atá ar fáil don Choimisiún ina mheasúnú maidir le bonn cirt le hathbhreithniú den sórt sin.

32 Sa dara háit, maidir le comhthéacs an cheathrú fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036, áitíonn Fertilizers Europe nach ndéanann aon fhoráil den Rialachán sin difear do lánrogha leathan an Choimisiúin i réimse an chomhbheartais tráchtála.

33 Áitíonn an Coimisiún gur léir ó na rialacháin frithdhumpála roimh Rialachán 2016/1036 nach bhfuil an oibleagáid atá air a chinneadh an bhfuil fianaise leordhóthanach i ngearán nó in iarraidh chun údar a thabhairt, faoi seach, le himscrúdú bunaidh nó le nós imeachta athbhreithnithe faoi réir teorainn ama a chomhlíonadh agus nár tugadh aon athrú substainteach isteach leis an Rialachán deireanach sin ina leith sin.

34 Thairis sin, cuireann na hachomharcóirí béim air, faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036, go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún athbhreithniú éaga a dhéanamh ar bhearta frithdhumpála ar a thionscnamh féin.

35 Áitíonn na hachomharcóirí freisin go mbunaítear le hAirteagal 5(3) agus (9) de Rialachán 2016/1036, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 11(5), le haghaidh iarrataí ar athbhreithniú a dhéantar de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán sin, nós imeachta faisnéise breise lena gceadaítear fianaise bhreise agus nua a chur isteach tar éis dhul in éag na teorann ama dlíthiúla.

36 Sa tríú háit, áitíonn Fertilizers Europe go gcuireann léiriú na Cúirte Ginearálta ar Airteagal 11(2) slí bheatha thionscail an Aontais i mbaol agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé contrártha leis an gcuspóir atá á shaothrú le Rialachán 2016/1036, eadhon tionscal an Aontais a chosaint ar allmhairí éagóracha ó thríú tíortha. Mar thoradh ar an léiriú sin freisin, sáraítear cearta nós imeachta tháirgeoirí an Aontais, eadhon prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus na hurraime do chearta na cosanta agus measúnú á dhéanamh ar iarraidh ar athbhreithniú arna thaisceadh ag na táirgeoirí sin, ós rud é go n-athraíonn leibhéal mionsonraithe na fianaise is gá ó chás go cás agus go mbraitheann sé ar imthosca fíorasacha.

37 Ina theannta sin, tá sé beartaithe leis an nós imeachta athbhreithnithe éaga le haghaidh bearta frithdhumpála cinntitheacha atá ar tí dul in éag dá bhforáiltear le Rialachán 2016/1036 a áirithiú go dtabharfar údar cuí le coinneáil ar bun na mbeart frithdhumpála lena mbaineann ar bhonn na faisnéise a bailíodh le linn a n-athbhreithnithe agus ní ar bhonn na hiarrata ar athbhreithniú amháin. Dá bhrí sin, bheadh Airteagal 11(2) den Rialachán sin comhsheasmhach agus i gcomhréir le prionsabal an dea-riaracháin dá ndéanfaí measúnú ar leordhóthanacht na fianaise agus an t-athbhreithniú sin á thionscnamh, gan é a bheith riachtanach an fhianaise sin a chur isteach laistigh de theorainn ama shonrach.

38 Tá an Coimisiún den tuairim gur chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart gurbh é cuspóir na teorann ama dlíthiúla táirgeoirí an Aontais a threorú maidir leis an dáta ar ghá iarratas a chur isteach, d'fhonn foirceannadh na mbeart frithdhumpála lena mbaineann nó tionscnamh an athbhreithnithe éaga ar na bearta sin a eagrú ar bhealach ordúil, agus na páirtithe leasmhara a chur ar an eolas dá réir sin. Mar sin féin, ós rud é go bhforáiltear leis an Rialachán sin do thréimhsí níos faide don Choimisiún chun a chinneadh an leor an fhianaise in iarraidh ar athbhreithniú chun go mbeidh sé in ann rialú a thabhairt ar ghearán lena n-iarrtar imscrúdú tosaigh a thionscnamh, ba cheart don Chúirt Ghinearálta a thuiscint as sin, d'fhonn a mheas an raibh an fhianaise sin leordhóthanach, gur cheart go mbeadh na cumhachtaí céanna ar a laghad ag an gCoimisiún agus na cumhachtaí atá ar fáil dó chun a mheas ar leor an fhianaise atá i ngearán den sórt sin.

39 Dar leis an gCoimisiún, contrártha don mhéid a chinn an Chúirt Ghinearálta, ní féidir gurb é an cuspóir sin deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíochta ar mhargadh an Aontais, ós rud é nach dtugtar fógra d'aon pháirtí leasmhar maidir leis an iarraidh ar athbhreithniú arna cur isteach ag táirgeoirí an Aontais ná faoin bhfíoras go ndearnadh iarraidh den sórt sin sula bhfoilsíonn an Coimisiún an fógra maidir le himscrúdú an athbhreithnithe éaga ar na bearta frithdhumpála lena mbaineann.

40 Freagraíonn cuideachtaí 'Azot' gur chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart go leanann sé ó léamh litriúil agus ó chomhthéacs an dara agus an cheathrú fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 nach mór fianaise leordhóthanach a bheith in iarraidh ar athbhreithniú éaga ar bhearta frithdhumpála, ar dháta éaga na teorann ama dlíthiúla ar a dhéanaí, chun údar a thabhairt le hathbhreithniú den sórt sin a thionscnamh.

41 Sa chéad áit, maíonn na cuideachtaí sin, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 a léiriú i gceart, i bhfianaise a fhoclaíochta agus an chomhthéacs ina bhfuil an fhoráil sin mar chuid de. Go sonrach, rialaítear ceart tháirgeoirí an Aontais iarraidh ar athbhreithniú a thaisceadh leis an gceathrú fomhír den fhoráil sin, ina dtagraítear don dara fomhír d'Airteagal 11(2). Measann na cuideachtaí sin nach mór fianaise leordhóthanach a bheith in iarraidh ar athbhreithniú, nach mór a chur isteach roimh dhul in éag na teorann ama dlíthiúla, ar an gcéad dul síos, agus, ar an dara dul síos, nach mór a bheith in ann dóchúlacht go dtarlódh dumpáil dhíobhálach a léiriú. Is leor an tréimhse sin chun é a chur ar a gcumas do na táirgeoirí sin an fhianaise ábhartha a bhailiú agus don Choimisiún measúnú críochnúil a dhéanamh ar an bhfianaise sin, agus bearta frithdhumpála a choinneáil ar bun go míchuí ar feadh tréimhse rófhada a sheachaint. Dar leo, dá mba mhian le reachtas an Aontais Eorpaigh oibleagáidí na dtáirgeoirí sin a theorannú, dhéanfadh sé amhlaidh go sainráite.

42 Sa dara háit, áitíonn na cuideachtaí 'Azot', cé nach sonraítear sa dara fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 cathain nach mór do tháirgeoirí an Aontais fianaise leordhóthanach a chur isteach ina n-iarrataí ar athbhreithniú, nach féidir an fhoráil sin a léamh ar leithligh ón gceathrú fomhír d'Airteagal 11(2), lena leagtar síos teorainn ama go sonrach chun na críche sin.

43 Sa tríú háit, áitíonn na cuideachtaí 'Azot' go n-urramaíonn léiriú na Cúirte Ginearálta ar Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 cearta na bpáirtithe leasmhara uile agus nach bhfuil sé d'éifeacht aige oibleagáidí agus cumhachtaí an Choimisiúin a theorannú, a bhfuil sé de thoradh aige, faoi réir teorainneacha ama nós imeachta a chomhlíonadh, a mheas an leor an fhianaise atá in iarraidh ar athbhreithniú. Sa chomhthéacs sin, ní féidir leis an gCoimisiún, áfach, brath ar na rialacha lena rialaítear cineálacha eile athbhreithnithe nó imscrúduithe ná ar na cumhachtaí chun gníomhú *ex officio* agus nach mór don Choimisiún rialacha nós imeachta ábhartha agus prionsabail ghinearálta an Aontais Eorpaigh araon a chomhlíonadh, ionas nár cheart dó féachaint le neamh-leordhóthanacht na fianaise arna tíolacadh ag táirgeoirí an Aontais in iarraidh ar athbhreithniú a leigheas.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

44 Tá an chéad agus an dara saincheist dlí de chuid Fertilizers Europe agus an chéad saincheist dlí de chuid an Choimisiúin dírithe i gcoinne mhíreanna 65 go 104 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Sna míreanna sin, rinne an Chúirt Ghinearálta léiriú ar Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 mar Airteagal nach gceadaítear don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le hiarraidh ar athbhreithniú ar bhearta dumpála ar bhonn fianaise nua arna soláthar, ar iarraidh uaidh, ag táirgeoirí an Aontais níos lú ná 3 mhí roimh dhul in éag na mbeart sin, cé is moite d'fhaisnéis bhreise arna cur isteach ag na táirgeoirí sin nach ndéanann ach an fhianaise atá san iarraidh sin ar athbhreithniú a fhorlíonadh nó a chomhthacú. Mar a mheabhraítear i mír 20 den bhreithiúnas seo, bhain an Chúirt Ghinearálta de thátal as an léiriú sin gur cheart don Choimisiún ábharthacht a chur i gceangal leis an bhfíoras go ndearnadh an iarraidh bhunaidh ar athbhreithniú a fhorlíonadh le faisnéis bhreise agus nach bhféadfaí údar a thabhairt le tionscnamh an athbhreithnithe ar na bearta frithdhumpála lena mbaineann ar bhonn na hiarrata comhdhlúite ar athbhreithniú.

45 Chun a chinneadh an bhfuil léiriú Airteagal 11(2) den Rialachán sin arna ghlacadh ag an gCúirt Ghinearálta ar an gcaoi sin curtha ó bhail, mar a áitíonn na hachomharcóirí, le hearráid dlí, ba cheart a mheabhrú, de réir chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, nach mór na forálacha de ghníomh de chuid an Aontais a léiriú ní hamháin trína bhfoclaíocht a chur san áireamh ach freisin an comhthéacs lena mbaineann siad agus na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha ar

cuid díobh iad a chur san áireamh (breithiúnas an 28 Samhain 2024, *Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics agus Jushi Egypt for Fiberglass Industry* v *an Coimisiún*, C-269/23 P agus C-272/23 P, EU:C:2024:984, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear).

46 Maidir le foclaíocht na bhforálacha atá i gceist, sa chéad áit, ba cheart a thabhairt faoi deara, faoin gcéad abairt den dara fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036, 'déanfar athbhreithniú éaga a thionscnamh i gcás ina bhfuil go leor fianaise san iarraidh gur dhócha go leanfaí le dumpáil agus díobháil nó go gcuirfí tús leo arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart'.

47 Ina theannta sin, foráiltear leis an dara habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 go bhfuil táirgeoirí an Aontais i dteideal iarraidh a chur isteach ar athbhreithniú 'i gcomhréir leis an dara fomhír' d'Airteagal 11(2), 3 mhí ar a dhéanaí roimh dháta éaga na mbeart frithdhumpála lena mbaineann.

48 Leanann sé ó léamh comhcheangailte na bhforálacha dá dtagraítear i míreanna 46 agus 47 thuas go bhfuil sé de cheangal ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta frithdhumpála i gcás ina bhfuil fianaise leordhóthanach in iarraidh ar athbhreithniú, ar an gcéad dul síos, gur dócha go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlóidh siad arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart frithdhumpála lena mbaineann, i gcomhréir leis an gcéad abairt den dara fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 agus, ar an dara dul síos, go dtabharfar isteach í tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dháta éaga na mbeart sin.

49 Os a choinne sin, ní eascraíonn aon cheanglas as an teaglaim de na forálacha sin lena gcuirtear srian ar chumhachtaí an Choimisiúin athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh.

50 Go háirithe, ní féidir teorainn den sórt sin a thuiscint go díreach ón soiléiriú, sa cheathrú fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036, go bhfuil táirgeoirí an Aontais i dteideal iarraidh ar athbhreithniú a thaisceadh 'i gcomhréir leis an dara fomhír', ós rud é nach mbunaítear le foclaíocht an dara fomhír d'Airteagal 11(2) ach oibleagáid ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh i gcásanna áirithe agus go soláthraíonn sí samplaí d'fhianaise a d'fhéadfadh a bheith ábhartha ina leith sin.

51 Ina theannta sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 40 dá Tuairim, ós rud é nach bhfuil an critéar maidir le leordhóthanacht na fianaise a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 11(2) den Rialachán sin ina cheangal ar an gCoimisiún ach amháin tráth a dhéantar cinneadh athbhreithniú a thionscnamh, ní féidir an tagairt don fhoráil sin sa cheathrú fomhír d'Airteagal 11(2) den Rialachán sin a thuiscint mar thagairt a chiallaíonn go gceanglaítear ar tháirgeoirí an Aontais fianaise den sórt sin a sholáthar laistigh den teorainn ama dhlíthiúil.

52 Dá bhrí sin, contrártha don mhéid a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 65 go 67 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ní féidir foclaíocht Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 a léamh mar léiriú soiléir ar fhiúntas an léirmhínithe chúng ar chumhachtaí an Choimisiúin a ghlac sí sa bhreithiúnas sin.

53 Sa dara háit, maidir le comhthéacs na chéad abairte den dara fomhír d'Airteagal 11(2) agus an dara habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 44 go 50 dá Tuairim, ní mór Airteagal 11(2) agus mír 1 den Airteagal sin ina iomláine a chur san áireamh.

54 De réir Airteagal 11(1) de Rialachán 2016/1036, ní bheidh feidhm ag beart frithdhumpála ach amháin chomh fada, agus a mhéid, a bhfuil gá leis chun gníomhú in aghaidh na dumpála is cúis díobhála. Ina theannta sin, leanann sé ón tríú fomhír d'Airteagal 11(2) nach mór do chonclúidí imscrúdaithe athbhreithnithe arna dhéanamh ag an gCoimisiún aird chuí a thabhairt ar an bhfianaise ábhartha go léir a bhfuil na doiciméid chuí ag gabháil a cuireadh i láthair maidir leis an gceist cibé an dócha go leanfaí le dumpáil agus leis an díobháil atá i gceist nó go gcuirfí tús leo arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart frithdhumpála lena mbaineann.

55 Is léir ó léamh comhcheangailte an dá fhoráil sin go gceanglaítear ar an gCoimisiún, le linn an nós imeachta athbhreithnithe, an fhianaise ar fad dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a chur san áireamh, gan an teorainn ama inar cuireadh an fhianaise sin ar fáil di a bheith cinntitheach. Ar an gcaoi sin, bhunaigh reachtas an Aontais riail ghinearálta a raibh sé mar aidhm léi a áirithiú go gcomhlíonann toradh an nós imeachta athbhreithniúcháin an prionsabal a leagtar síos in Airteagal 11(1) de Rialachán 2016/1036. Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 49 dá Tuairim, laghdófaí go suntasach raon feidhme na rogha sin a rinne reachtas an Aontais dá gcinnfí, ag réamhchéim den nós imeachta athbhreithnithe, go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún, i gcodarsnacht leis sin, neamhaird a thabhairt, ar bhonn critéar ama amháin, ar fhianaise a chuirtear ar fáil.

56 I gcomhréir leis an dara habairt den chéad fhomhír d'Airteagal 11(2) den Rialachán sin, 'déanfar athbhreithniú éaga den sórt sin a thionscnamh ar thionscnamh an Choimisiúin, nó ar iarraidh tháirgeoirí an Aontais, nó thar ceann tháirgeoirí an Aontais, agus fanfaidh an beart i bhfeidhm ar feitheamh thoradh an athbhreithnithe sin'. Dá bhrí sin, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta frithdhumpála gan beann ar iarraidh ar athbhreithniú a bheith déanta ag táirgeoirí an Aontais, ar aon dáta roimh dhul in éag na mbeart sin. Dá bhrí sin, dá measfaí go bhfuil an fhianaise atá san iarraidh sin arna cur isteach tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dháta éaga na mbeart sin ina ceangal ar an gCoimisiún, agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le hiarraidh ar athbhreithniú, d'fhéadfadh sé oibleagáid a chur air, i gcás ina bhfuil fianaise níos déanaí aige, diúltú don iarraidh sin, cé go bhféadfaidh sé cinneadh a dhéanamh fós nós imeachta athbhreithnithe a chur i gcrích *ex officio*. D'fhéadfadh toradh den sórt sin dochar a dhéanamh d'éifeachtacht na nósanna imeachta a dhéantar gan toradh na nósanna imeachta sin a athrú, áfach.

57 Sa tríú háit, maidir le cuspóir Rialachán 2016/1036, ba cheart a thabhairt faoi deara, faoi Airteagal 1(1) den Rialachán sin, dar teideal 'Prionsabail', '[go bh]féadfar dleacht frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar aon táirge dumpáilte a bhfuil díobháil mar thoradh ar é a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas.' Dhéanfaí dochar do chumas an Choimisiúin a áirithiú go mbainfear an cuspóir sin amach ina iomláine, áfach, dá mba rud é, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'fhonn a chinneadh ar cheart athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta frithdhumpála, nach bhféadfadh an institiúid sin, roimh dháta dhul in éag na mbeart sin, an fhianaise uile a chur san áireamh a bhaineann le cé acu is dócha nó nach dócha go leanfaí den dumpáil agus den díobháil atá i gceist nó an gcuirfí tús leo arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart sin.

58 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, contrártha don mhéid a chinn an Chúirt Ghinearálta i mír 70 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus mar a áitíonn an Coimisiún, nach bhfuil sé beartaithe leis an dara habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 a chur ar chumas oibreoirí ar an margadh a fhios a bheith acu, in am trátha, an dócha go gcoinneofar na bearta frithdhumpála ar bun. Ar an gcéad dul síos, mar a chuireann an Coimisiún in iúl ina achomharc, ní chuirtear iarraidh ar athbhreithniú in iúl d'aon pháirtí

leasmhar sula bhfoilseofar fógra tionscnaimh an imscrúdaithe athbhreithnithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ar an dara dul síos, mar a luaitear i mír 56 den bhreithiúnas seo, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta frithdhumpála gan beann ar iarraidh ar athbhreithniú a bheith déanta ag táirgeoirí an Aontais, ar dháta ar bith roimh dhul in éag na mbeart sin.

59 Os a choinne sin, ní chonspóidtear gur chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart, i mír 70 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gurb é cuspóir na teorann ama dlíthiúla chun iarraidh ar athbhreithniú a thaisceadh, a leagtar síos sa dara habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036, *inter alia*, a chur ar chumas an Choimisiúin tréimhse ama iomchuí a bheith aige chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise atá san iarraidh sin agus chun a áirithiú go bhfuil sí leordhóthanach agus ábhartha, chun a sheachaint go gcoinneofaí beart frithdhumpála go míchuí ar bun tar éis na tréimhse forordaithe.

60 Maidir le cumhacht an Choimisiúin fianaise bhreise a bhailiú nó a iarraidh, má mheasann sé gurb iomchuí sin, níos lú ná 3 mhí roimh dhul in éag na mbeart frithdhumpála, níl sí de chineál a bhainfeadh an bonn de bhaint amach chuspóir an dara habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 a leagtar amach sa mhír roimhe seo, ós rud é nach gciallaíonn cumhacht den sórt sin a bheith ann go n-aithnítear go bhfuil sé de cheart ag an duine a iarrann athbhreithniú a iarraidh a fhorlíonadh tar éis don teorainn ama dhlíthiúil dul in éag nó iarraidh den sórt sin a thaisceadh tar éis don tréimhse sin dul in éag. Dealraíonn sé, dá bhrí sin, gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i mír 77 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhfágfadh léiriú na forála sin arna ghlacadh ag an gCoimisiún sa Rialachán atá faoi chonspóid go mbeadh an fhoráil sin gan bhrí tríd an oibleagáid dhlíthiúil a leagtar síos ann a fhágáil gan éifeacht.

61 Leanann sé ón méid sin roimhe seo, gan aon ghá seasamh a ghlacadh maidir leis na cumhachtaí a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhíorthú ó Airteagal 5 de Rialachán 2016/1036, nach mór Airteagal 11(2) den Rialachán sin a léiriú sa chaoi go dtugtar de chumhacht don Choimisiún fianaise a chur san áireamh a chuir táirgeoirí an Aontais ar fáil, arna iarraidh sin aige, sa tréimhse 3 mhí roimh dhul in éag na mbeart frithdhumpála, chun a chinneadh an ndéanfar athbhreithniú ar na bearta frithdhumpála sin.

62 Dá bhrí sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i mír 104 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go ndearna an Coimisiún earráid dlí nuair a luaigh sé, in aithris 20 den Rialachán atá faoi chonspóid, nach raibh sé ábhartha ar forlíonadh an chéad iarraidh ar athbhreithniú le faisnéis bhreise agus go bhféadfadh údar a bheith le tionscnamh an athbhreithnithe ar bhonn na hiarrata ar athbhreithniú comhdhlúite.

63 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ní mór seasamh leis an gcéad agus an dara saincheist dlí i gCás C-554/23 P agus leis an gcéad saincheist dlí i gCás C-568/23 P. Ós rud é gur leor an earráid dlí a rinne an Chúirt Ghinearálta i léiriú Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 chun an chuid oibríochtúil den bhreithiúnas atá faoi achomharc a dhéanamh gan bhunús, ní mór an breithiúnas sin a chur ar ceal, gan é a bheith riachtanach scrúdú a dhéanamh ar an tríú agus ar an gceathrú saincheist dlí i gCás C-554/23 P ná ar an dara saincheist dlí i gCás C-568/23 P.

An chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta

64 Faoin dara habairt den chéad mhír d'Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, i gcás ina gcuirfear breith na Cúirte Ginearálta ar neamhní, breithiúnas críochnaitheach a thabhairt ar an díospóid má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid.

65 Ní hamhlaidh an cás anseo.

66 Ní dhearna an Chúirt Ghinearálta scrúdú ar an ngearán, a cuireadh ar aghaidh sa chéad saincheist dlí den chaingean, go ndearna an Coimisiún earráid agus cinneadh á dhéanamh aige, sa Rialachán atá faoi chonspóid, go raibh fianaise leordhóthanach san iarraidh ar athbhreithniú comhdhlúite gur dócha go leanfaí den dumpáil dá rachadh na bearta frithdhumpála lena mbaineann in éag.

67 Ós rud é go bhfuil measúnuithe fíorasacha casta i gceist le scrúdú a dhéanamh ar an ngearán sin, nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach is gá ag an gCúirt ina leith, ní cheadaítear breithiúnas críochnaitheach a thabhairt le staid na n-imeachtaí agus, dá bhrí sin, ní mór an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

Costais

68 Ós rud é go dtarchuirtear an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, ní mór na costais a bhaineann leis an achomharc a fhorchoimeád.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra):

1. **Cuirtear breithiúnas an 5 Iúil 2023, *Nevinnomysskiy Azot agus NAK 'Azot'* v *an Coimisiún* (T-126/21, EU:T:2023:376) ar neamhní;**

2. **Tarchuirtear an cás ar ais chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh;**

3. **Forchoimeádtar na costais.**

Sínithe